# COGG (An Chomhairle Um Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta) le comhtháthú leis an CNCM – stocaireacht de dhíth

Teastaíonn ón Roinn Oideachais go ndéanfaí COGG a comhtháthú leis an CNCM agus iad a lonnú ina n-oifigí, rud a chiallódh nach mbeidh foireann COGG in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge mar a ndearnadar i gcónaí. Tá buairt ann go gcaillfidh an eagraíocht neamhspleáchas agus go mbeidh sí mar fho-rannóg den CNCM (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnaithe), go háirithe nuair a bheidh ré bhord reatha na heagraíochta thart i 2014. Chiallódh seo go mbeadh níos lú ionchur ón earnáil gaelscolaíochta agus Gaeltachta maidir leis na nithe a bheadh de dhíth orthu. Le cinntiú nach dtarlaíonn seo, tá tábhacht ar leith ann go leanfaí ag maoiniú na heagraíochta go díreach agus go mbeidh COGG go hiomlán i gceannas ar a buiséad féin mar a bhaineann sé lena clár oibre.

Mar chuid de stocaireacht náisiúnta faoi cur chun cinn na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, tá Gaelscoileanna Teo. ag comhoibriú le 63 eagraíocht eile le cosaint a dhéanamh ar stádas COGG. Bheadh muid go mór faoi choimín **dá bhféadfá na hachainí thíos a chur faoi bhráid na teachtaí dála áitiúla atá sa scoilcheantar** ar mhaithe le todhchaí COGG:

1. **Go mbeidh buiséad COGG imfháilithe i gcónaí (sé sin nár cheart go mbeadh aon chumhacht ag an CNCM ar bhuiséad COGG)**

2. **Go ndéanfaí neamhspleáchas Bord COGG a choimeád agus go bhfuil gá ag aontú scríofa a bheith ann ón Stáit ina leith (ní chóir go mbeadh bord COGG faoi smacht ag bord CNCM)**

3. **Gur féidir le hoifig COGG a bheith mar shatailít den CNCM ach nach féidir foireann COGG a lonnú in oifigí an CNCM.**

Is féidir níos mó eolais a fháil faoi COGG ag www.cogg.ie

# COGG (An Chomhairle Um Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta) to be integrated with the NCCA – lobbying needed

The Department of Education wish to integrate COGG with the NCCA (The National Council for Curriculum & Assessment) and to locate them in their offices. This would mean that it would be impossible for COGG to do their work through the medium of Irish as they've always done. There is a concern that the organisation would lose its independence and that it become simply a sub-division of the NCCA, in particular after the term of the current board is finished in 2014. This would result in a reduced influence from the all-Irish/ Gaeltacht sector on the organisation which would mean that there would be less input from the Irish-medium and Gaeltacht sector into the organisation regarding the sector's needs. To ensure this doesn't happen it is particularly important that COGG continues to receive direct funding and that it will be completely in charge of its own budget regarding its programme of work.

As part of the national strategy in promoting the 20 Year Strategy for the Irish Language Gaelscoileanna Teo. are co-operating with 63 other organisations to defend COGG. **It would be of great benefit if you could raise the three issues below with your local TDs for the sake of COGG's future and for the benefit of Irish-medium education:**

1. **That COGG's budget should be ring fenced on a continuous basis (i.e. that the NCCA should have no power over COGG's budget)**

2. **That COGG's independence would be protected and that there is a need for a written agreement from the State regarding this (COGG's board should not be under the control of the NCCA's board)**

3. **That COGG's office could be a satellite of the NCCA office but that its staff should not be relocated to the NCCA's offices.**

More information regarding COGG is available at www.cogg.ie